

Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath

Ráitis Airgeadais don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2024

Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath

**Innéacs leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch
31 Nollaig 2024**

	Leathanach
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird	3
Ráiteas ar Rialú Immheánach	4-13
Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General	14-15
Ráiteas Oibriúcháin	16
Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus Dliteanais	17
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	18-40

Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Ceanglaítear le hAlt 51 den Acht sin ar an mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO) gach cuntas is cuí agus is gnách den airgead a fuair sé nó a chaith sé a choinneáil i gcibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasáiochta a cheadóidh an tAire Oideachais le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.


Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ní mór don Bhord an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a chur i bhfeidhm i leith ullmhú ráitis airgeadais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna
- (b) breithiúnais agus meastacháin a bheidh réasúnta agus stuama a dhéanamh
- (c) imeachtaí ábhartha ar bith ó na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a nochtadh agus a mhíniú.


Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais iomchuí a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Bhoird agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a choimirceáil agus as bearta réasúnta a dhéanamh i ndáil le calaois nó neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Cathaoirleach

Síniú:


An Comhairleoir Keith Connolly

Dáta:


17/10/2025

Bord Oideachais agus Oiliúna CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Tá an Cód Cleachtais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna leagtha amach in imlitir 0083/2024, a d'eisigh an Roinn Oideachais d'ionaid BOO i Mí na Samhna 2024. Ghlac BOO Chathair Bhaile Átha Cliath leis an gCód seo ag a chruinniú i mí Eanáir 2025.

Bunaíodh Bord nua do BOO Chathair Bhaile Átha Cliath i Meán Fómhair 2024, agus ag a chruinniú ar an 19 Meán Fómhair 2024, cuireadh ceapachán an Choiste Airgeadais agus an Choiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca nua i gcrích.

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Mar Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, aithním freagracht an Bhoird as a chinntiú go ndéantar córas rialaithe inmheánaigh atá éifeachtach agus eacnamaíoch a chothabháil agus a fheidhmiú. Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnach seachas lánchinnteacht a thabhairt go bhfuil sócmhainní faoi chosaint, go bhfuil idirbhearta arna n-údarú agus arna dtaifeadadh i gceart agus go gcoisctear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go mbraithfí go tráthúil iad.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá na bearta seo a leanas curtha i bhfeidhm ag an mBord chun timpeallacht chuí rialaithe a dheimhniú:

- Freagrachtaí an lucht bainistíochta agus na foirne a shainiú go soiléir.
- Nósanna imeachta a bhunú maidir le teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus a áirithiú go ndéanfar bearta ceartaitheacha iomchuí.
- Córas bainistíochta riosca foirmiúil a bhunú chun gach riosca a aithint agus a mheas a d'fhéadfadh cosc a chur ar BOO Chathair Bhaile Átha Cliatha a chuid cuspóirí a bhaint amach.

Tá an córas rialaithe inmheánach a úsáidtear i BOO Chathair Bhaile Átha Cliath bunaithe ar na rudaí seo a leanas:

- Nósanna imeachta riaracháin mionsonraithe.
- Leithscaradh dualgas.
- Údaruithe sonracha.
- Seiceálacha inmheánacha.
- Athbhreithniú a dhéanann an lucht bainistíochta go míosúil ar thuarascálacha ina gcuirtear síos ar thorthaí iarbhire agus ar thorthaí buiséadaithe na gclár atá á bhfeidhmiú ag BOO.

Áirítear le Creat Maoirseachta an Bhoird:

Is é atá mar bhonn eolais ag monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh ná:

- An Príomhfheidhmeannach atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánach.
- Moltaí ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i litreacha nó tuarascálacha bainistíochta eile.
- Moltaí a rinne an tAonad um Iniúcháireacht Inmheánach-BOOanna.
- Obair an Choiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca agus an Choiste Airgeadais.

An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca

Tá maoirseacht an Bhoird ar an gcóras rialaithe inmheánach bunaithe ar obair an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca (CIR) a tháinig le chéile ceithre huaire in 2024. Mar chuid de chlár oibre an CIMR, déantar measúnú ar na nithe seo a leanas:

- Tuarascálacha iniúchta inmheánacha
- Tuarascálacha iniúchta seachtracha agus litreacha bainistíochta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (A & CC)
- Ráitis Airgeadais Bhliantúla
- Creat Bainistíochta Riosca
- An Clár Rioscaí
- Tuarascálacha Bainistíochta Riosca
- Clár Iniúchóireachta
- Tuairisc tuairime don Bhord maidir le leordhóthanacht agus oiriúnacht na gcóras rialaithe inmheánach.

Chuir an Príomhfheidhmeannach agus Stiúrthóirí um Thacaíocht agus um Fhorbairt Eagraíochta tuarascálacha ar fáil de réir mar a bhí gá leo faoi fheidhmiú rialuithe agus cúrsaí airgeadais, agus bhuail siad leis an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca in 2024 agus 2025.

Rinne an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh don tréimhse tuairiscithe ábhartha ar an 13 Márta 2025.

An Coiste Airgeadais

Tá maoirseacht an Bhoird ar an gcóras rialaithe inmheánach bunaithe chomh maith ar obair an Choiste Airgeadais a tháinig le chéile ceithre huaire sa bhliain 2024. Mar chuid de chlár oibre an Choiste Airgeadais, rinneadh measúnú ar:

- Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2024 (RAB)
- Moladh don Bhord ó RAB 2024
- Tuarascálacha maidir le hIoncam Tréimhsiúil agus Caiteachas.

Thuairiscigh an Príomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir um Thacaíocht agus um Fhorbairt Eagraíochta don Choiste Airgeadais sa bhliain 2024 agus 2025.

Rinne an Coiste Airgeadais athbhreithniú ar Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2024 ar an 25 Márta 2025 agus mhol an Coiste don Bhord glacadh leo.

Iniúchadh Inmheánach

Cuireann an tAonad um Iniúchóireacht Inmheánach–Boird Oideachais agus Oiliúna (AII-BOO) seirbhís iniúchta inmheánach ar fáil, agus tugann siad tuairim fhoriomlán ar na réimsí a ndearnadh iniúchadh orthu. Tá an tuairim iomlán bunaithe ar na torthaí a aithníodh le linn an iniúchta agus seo a leanas raon na dtuairimí féideartha:

Cuimsitheach: Tá an córas rialaithe inmheánach leordhóthanach agus oibríonn sé go héifeachtach.

Leordhóthanach: Tá an córas rialaithe inmheánach leordhóthanach go ginearálta agus oibríonn sé go héifeachtach.

Easnamhach: Tá an córas rialaithe inmheánach easnamhach agus ní oibríonn sé go héifeachtach.

Rinneadh na hathbhreithnithe seo a leanas ar an iniúchadh inmheánach roimh 2024 leis na tuarascálacha deireanacha eisithe sa tréimhse ón 1^ú Eanáir 2024.

Cuireadh tús le hiniúchadh ar an gCiste REACH i mí na Nollag 2022. Fuarthas an tuarascáil deiridh ón Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach-BOOanna i mí na Feabhra 2024 agus cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca i mí Bealtaine 2024. Ba é toradh foriomlán na Tuarascála ná go raibh córas rialaithe leordhóthanach i bhfeidhm. Tugadh 4 mholadh san iomlán le 6 ghníomhaíocht gaolmhara - 2 mholadh mheánacha (4 ghníomhaíocht) agus 2 mholadh íseal

(2 ghníomhaíocht). Tá 5 ghníomhaíocht curtha chun feidhme agus ghníomhaíocht amháin le riosca íseal curtha chun feidhme i bpáirt.

Cuireadh iniúchóireacht ar an gClár BCTE (Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile) ar bun i Mí na Samhna 2023. Fuarthas an tuarascáil dheiridh ón Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach-BOOnna an 2 Aibreáin 2025 agus cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ar an 1 Bealtaine 2025. Ba é toradh foriomlán na Tuarascála ná go raibh córas rialaithe leordhóthanach i bhfeidhm. Tugadh 9 moladh san iomlán le 16 ghníomhaíocht gaolmhara - 1 ardmholadh (2 ghníomhaíocht), 7 moladh meánacha (12 ghníomhaíocht) agus 1 mholadh íseal (2 ghníomhaíocht). Tá 2 ghníomhaíocht ar ardriosca ar siúl, tá 3 ghníomhaíocht ar meán riosca curtha chun feidhme agus tá 9 ar siúl agus 2 ghníomhaíocht ar riosca íseal curtha chun feidhme.

Rinneadh na hathbhreithnithe ar iniúchtaí inmheánacha seo a leanas sa tréimhse ón 1 Eanáir 2024 – 31 Nollaig 2024.

Cuireadh athbhreithniú ar na Tionscadail Chaipitil i BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ar bun i Mí Aibreáin 2024. Fuarthas an tuarascáil dheiridh ón Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach-BOOnna ar an 11 Márta 2025 agus cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ar an 1 Bealtaine 2025. Ba é toradh foriomlán na Tuarascála ná go raibh córas rialaithe leordhóthanach i bhfeidhm. Ní dhearnadh aon mholadh ar ardriosca. Tugadh 6 mholadh san iomlán le 9 ghníomhaíocht gaolmhara – 2 mholadh mheánacha (4 ghníomhaíocht) agus 4 mholadh íseal (5 ghníomhaíocht). Tá 4 ghníomhaíocht ar mheán riosca agus 4 ghníomhaíocht ar riosca íseal curtha chun feidhme le ghníomhaíocht amháin ar íseal riosca ar siúl.

Cuireadh tús le hiniúchadh ar na hIonaid Traenála i mí Mheán Fómhair 2024 agus tá an tuarascáil dheiridh fós le fáil ón Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach-BOOnna agus cuirfear an tuarascáil faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca nuair a bheidh sí críochnaithe.

Iniúchóireacht ar Chreat Cur Chun Feidhme Caighdeán Bhunlíne Chibearshlándála na hEarnála Poiblí: Cuireadh tús le Réimsí Iniúchta 1-3 den Chóras Bainistíochta Slándála Faisnéise (CBSF) i mí Dheireadh Fómhair 2024 chun BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a ionchorprú, le próiseas iniúchta comhuaineach ach ar leith chun SUSI a chlúdach. Eisíodh an dá thuarascáil deiridh ar an 7 Bealtaine 2025 agus pléifidh an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca iad ag a chruinniú i Mí na Samhna 2025. Thug an dá thuarascáil le fios go raibh tuairim iniúchta Leordhóthanach ann. Cuirfear na moltaí chun cinn trí phróiseas na gCaighdeán Bonnlíne, mar a mhínítear faoi iniúchtaí Earnála thíos.

Cuireadh tús le hiniúchadh ar Dheontais Chomhcheangailte/Dhírithé do scoileanna i gCathair Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna 2024 agus tá sé ar siúl faoi láthair. Cuirfear an tuarascáil deiridh faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca nuair a bheidh sí críochnaithe.

Iniúchtaí Earnála

I Mí Feabhra 2024, rinne an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca athbhreithniú ar thuarascáil Earnála an Aonaid um Iniúchóireacht Inmheánach-BOOnna maidir le hIniúchtaí Leantacha TFC agus Athbhreithnithe Cibearshlándála san Earnáil Phoiblí i 5 BOO. Tugtar achoimre sa tuarascáil earnála ar na príomhthéamaí a tháinig chun cinn a dteastaíonn gníomh ó Bhainistíocht BOO ina leith de réir thorthaí na n-iniúchtaí aonair a rinneadh. Tugtar léiriú freisin ar na moltaí gaolmhara agus samplaí de dheachleachtais a aithníodh le linn an iniúchta. Mar thoradh ar an iniúchadh agus ar an athbhreithniú earnála seo tá BOO Chathair Bhaile Átha Cliath tar éis dul i mbun próiseas comhoibríoch leis an Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach agus KOSI Corporation chun Córas Bainistíochta Slándála Faisnéise a chur i bhfeidhm agus chun dul chun cinn a dhéanamh ar chomhlíonadh iomlán na gCaighdeán Bunlíne Cibearshlándála faoin dáta feidhmithe de 2026. Tá moltaí ón Tuarascáil Earnála curtha san áireamh sa phróiseas seo agus fáiltíonn an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca a thabharfar cothrom le dáta iad le linn an phróisis, rompu.

Rinne an tAonad um Iniúchóireacht Inmheánach - BOOnna iniúchadh inmheánach chun stádas cur chun feidhme moltaí roimhe seo ón Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach a chinneadh i ngach ceann de na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna. Rinneadh na hiniúchtaí idir 2019 agus 2023. Eisíodh an tuarascáil Earnála i Mí an Mheithimh 2024 chuig an bPríomhfeidhmeannach agus chuig Cathaoirleach an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca. Cuireadh cur i láthair na tuarascála siar chun deis a thabhairt do chomhaltaí nua an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca iad féin a chur ar an eolas faoina ról agus chun leas a bhaint as oiliúint i Mí Eanáir 2025. Pléadh an tuarascáil ag cruinniú an Choiste um

Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca ar an 13 Márta 2025. Léirigh tuarascáil an Aonaid um Iniúcháireacht Inmheánach go raibh dul chun cinn suntasach déanta ag earnáil na BOOnna maidir le moltaí iniúchta inmheánacha a chur i bhfeidhm, agus tugadh faoi deara sa tuarascáil go mbaineann na moltaí nár cuireadh i bhfeidhm den chuid is mó le saincheistanna leanúnacha earnála a éilíonn ionchur ó pháirtithe leasmhara níos leithne san earnáil.

Sáruithe ar an gCóras Rialaithe Inmheánach

Soláthar

Is é beartas BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a chinntiú go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas i soláthar agus go bhfuiltear ag leanúint ar aghaidh ag obair i dtreo a fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir le rialacháin agus riachtanais soláthair. Chuige sin, forbraíodh nósanna imeachta soláthair agus scaipeadh iad i measc fhoireann BOO Chathair Bhaile Átha Cliath agus baill foirne a oibríonn go díreach i réimse an tsoláthair ar chúrsaí oiliúna go rialta chun a gcuid eolais agus feachtas ar na rialacha soláthair a choinneáil cothrom le dáta. Baineann BOO Chathair Bhaile Átha Cliath leas as conarthaí lárnaigh agus creataí lárnaigh na hOifige um Sholáthar Poiblí (OSP), na Seirbhíse um Sholáthar Oideachais (SSO) agus comhlachtaí eagraíochtúla eile, má tá siad oiriúnach dá riachtanais, rud a thacaíonn le comhlíonadh a bhaint amach. Tá cásanna ann inar soláthraíodh earraí agus seirbhísí go háitiúil trí phróisis iomaíocha soláthair, i gcomhréir le treoirlínte soláthair BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, ach bhí luach carnach na suíomh go léir níos airde ná an tairseach náisiúnta tairisceana. Is fadhb ghéar do BOO Chathair Bhaile Átha Cliath í seo mar tá breis is caoga suíomh i mbun gníomhaíochta soláthair.

Neamhchomhlíonadh treoirlínte soláthair

Ba é €700,425 milliún méid an tsoláthair neamhchomhlíontaigh in 2024 (gan CBL). Tá miondealú ar an bhfigiúr seo leagtha amach sa tábla seo a leanas: -

<u>Catagóir Caiteachais</u>	€ Méid Gan CBL
Soláthairtí Tionsclaíocha / Crua-earraí	60,271
Óstáil Bainistithe SUSI	227,549
Seirbhísí Priontála Bainistithe	348,035
Ionad ar Cíos	64,570
	€700,425

As an méid iomlán de €700k, caitheadh €473k ar roinnt ionad BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ina lorgófaí meastacháin aonair ach nár tharla comhiomlánú éilimh agus nach raibh aon chonradh i bhfeidhm maidir leo. Bhain an €227k eile le conartha a síneadh thar a dháta éaga de bharr riachtanais d'amlíne fhadaithe don phróiseas soláthair athsholáthair.

Maidir le gníomh ceartaitheach atá le déanamh, tá BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ag tabhairt go gníomhach faoi roinnt próiseas tairisceana lena laghdófar an figiúr neamhchomhlíonta (sonraí thíos) faoi thart ar €352k.

<u>Tairiscintí ar siúl nó críochnaithe in 2024/2025</u>	€ Méid Gan CBL	Stádas Tairisceana
Seirbhísí Óstála Bainistithe SUSI	227,549	Críochnaithe Nollaig 24
Soláthairtí Tionsclaíocha / Crua-earraí	60,271	Le bheith foilsithe Meán Fómhair 25
Ionad ar Cíos	64,570	Le bheith foilsithe Meán Fómhair 25
Laghdú ar Neamhchomhlíonadh in 2025	€352,390	

Táthar ag súil, le linn 2025, go ndéanfaidh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath athbhreithniú ar roghanna soláthair chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí neamhchomhlíonta atá fágtha.

Tá Plean Soláthair Corparáideach forbartha ag BOO Chathair Bhaile Átha Cliath do 2024-25, lena leagtar amach gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar réimsí neamhchomhlíonta aitheanta agus ar riachtanais eile soláthair BOO Chathair Bhaile Átha Cliath. Leanfaidh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar gach réimse caiteachais chun deiseanna a aithint ina soláthróidh tairiscint agus úsáid na gCreatáí Náisiúnta d'earraí agus seirbhísí atá ann cheana féin an luach is fearr ar airgead, agus ina gcomhlíonfar riachtanais chomhlíonta.

Calaois

Tuairiscíodh dhá chalaois fhéideartha i mí na Samhna 2022 agus Bealtaine 2023 faoi Bheartas BOO Chathair Bhaile Átha Cliath i gcoinne Calaoise agus Éillithe. Tá imscrúdú Bealtaine 2023 ag dul ar aghaidh. Tá tuarascáil an imscrúdaithe maidir leis an gcás calaoise i Mí na Samhna 2022 eisithe ag an Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach-BOOnna agus tá sé faoi athbhreithniú ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca agus ag an bhfoireann Shinsearach Ceannaireachta.

Nochtaí Cosanta

Ní bhfuair BOO Chathair Bhaile Átha Cliath aon nochtadh cosanta in 2024 faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

Bainistíocht Riosca

Tá Bainistíocht Riosca Corparáideach i bhfeidhm ag BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ar fud na heagraíochta. Rinneadh athbhreithniú ar an gclár Riosca ag cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2024 agus leanann an Coiste ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar fhorbairt phlean Bainistíochta Riosca Straitéisí BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.

Saincheisteanna a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ina leith ag Leibhéal na hearnála

Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair

Ceanglaíonn Imlitir 11/2014 ar BOOnna ráitis agus ríomhaireachtaí sochar a chur ar fáil do bhaill de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí roimh dheireadh mhí an Mheithimh 2014. Níor chomhlíon BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a chuid oibleagáidí maidir le ráitis phinsin bhliantúla a sholáthar do gach ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair in 2024. Ullmhaíodh ráitis sochair pinsin do 76% de na comhaltaí i BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a d'íoc ranníocaíochtaí Scéime Pinsean Aonair agus a ghnóthaigh méideanna incháilithe Scéime Pinsean Aonair sa tréimhse 2013 go 2023. Cuireadh na ráitis eile ar fáil in 2025.

SGCO – Clár Feabhsaithe Pinsin

Tá foireann tiomanta curtha i bhfeidhm in SGCO chun oibriú ar réiteach a fháil ar chúrsaí Pinsean agus Ranníocaíochta Aoisliúntais. Tá Foireann an Chláir Feabhsúcháin Pinsean ag cuidiú le roinnt tionscadal lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- **Forbairt agus Tástáil PeopleXD** chun aghaidh a thabhairt ar ríomh mícheart ranníocaíochtaí pinsin, méideanna inchurtha, seirbhís pháirtaimseartha san áireamh sa mhodúl pinsin mar aon le nuashonruithe riachtanacha eile ar an Modúl Pinsin;
- Grúpa oibre do **Phinsinéirí ONSC** chun cumarsáid fheabhsaithe a éascú idir ONSC agus BOOnna i ndáil le pinsinéirí BOO, agus glanadh sonraí Pinsinéirí BOO agus cur i bhfeidhm na Méaduithe Pinsin mar thosaíocht faoi láthair;
- **Tionscadal SPS** chun aghaidh a thabhairt ar fheabhsúchán ranníocaíochtaí pinsin, ríomh méideanna inchurtha; ullmhú tuairisceán bunachar sonraí agus eisiúint Ráitis Shochair Pinsin;
- **Stair Seirbhíse Páirtaimseartha & Luach Saothair Inphinsin do bhaill scéime oidhreachta.**

Tá Grúpa Úsáideoirí Pinsean SGCO/BOO bunaithe agus buaileann siad le chéile gach mí chun saincheisteanna pinsean a phlé agus chun soiléirithe agus tacaíocht a sholáthar maidir le húsáid mhodúl Pinsean CoreHR. Tá roinnt réimsí ar PeopleXD sna scéimeanna pinsin aitheanta ag foirne Pinsean agus Oibríochtaí SGCO le glanadh agus tá siad ag seoladh míreanna chuig na BOOnna lena n-athbhreithniú

agus lena nuashonrú. Nuair a bheidh sé críochnaithe, cruthófar sraith iomlán tuarascálacha chun seiceálacha rialta rialaithe cáilíochta a dhéanamh ar na sonraí.

Agus córas PeopleXD á fhorbairt, bhunaigh SGCO Mol Sonraí SPS chun sonraí ó chórais phárolla roimhe seo a bhailiú agus iad a chumasc i gcóras láraithe amháin. Úsáidtear na sonraí seo ansin chun sochair phinsin SPS agus ráitis fágála agus comhaid don Bhanc Sonraí SPS a tháirgeadh. Tá an tionscadal seo críochnaithe ag an 16 BOO uile. Ciallaíonn sé seo go bhfuil ráitis shochair/daoine a fhágann an tseirbhís eisithe ag gach BOO ó 2013 go 2024 agus comhaid bhainc sonraí táirgthe acu ó 2013 go 2024. Tá na sonraí SPS a ndearnadh leasú orthu faoi láthair i loch sonraí, agus tá SGCO ag obair chun na sonraí seo a uaslódáil chuig PeopleXD. Tá obair forbartha fós ar siúl ar chóras PeopleXD chun cead a thabhairt do na ráitis 2025 a tháirgeadh go díreach ón gcóras ar an spriocdháta reachtúil i mí an Mheithimh 2026 nó roimhe.

Aistriú Pinsinéirí BOO chuig Íocaíocht ó SGCO

Tá foireann Párolla SGCO BOO tosaithe ar an bpróiseas chun gach Pinsinéir BOO a aistriú chuig Párolla SGCO (tá breis is 9,700 Pinsinéir ag fáil íocaíochta ó ONSC faoi láthair). Cuireadh tús foirmiúil leis an tionscadal seo le ceadú ón nGrúpa Stiúrtha ar an 20 Meitheamh 2024 agus cuireadh i bhfeidhm é i mí an Mheithimh 2025.

Seirbhísí Comhroinnte Párolla BOO

Bunaíodh Ionad Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar don earnáil Oideachais agus Oiliúna. Tá na 16 BOO ar fad ar Sheirbhísí Comhroinnte Párolla anois agus ba é BOO Dhún na nGall an BOO deireanach a aistrigh i mí Feabhra 2024.

Costais lena n-áirítear Taisteal agus Cothabháil

Tá SGCO ag obair le BOOnna chun aistriú íocaíochtaí Costais chuig an tSeirbhís Chomhroinnte Párolla atá á reáchtáil ag SGCO a thabhairt chun críche. Tá feidhm Taistil agus Cothaithe aistrithe ag 11 BOO chuig SGCO anois, agus aistroidh na 5 BOO eile le linn 2025. Is iad na 5 BOO ná BOO Lú agus na Mí; BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin; BOO Chathair Bhaile Átha Cliath; BOO Chorcaí agus BOO Luimnigh agus an Chláir. Chríochnaigh Cathair Bhaile Átha Cliath an aistriú ar an 23 Meitheamh 2025.

Párolla

Cuireadh aistriú párolla fhoireann BOO Chathair Bhaile Átha Cliath chuig SGCO i gcrích i mí an Mhárta 2023. Tá an SGCO freagrach as an bpárolla a phróiseáil, ach tá BOO Chathair Bhaile Átha Cliath freagrach fós as treoracha a eisiúint do na seirbhísí comhroinnte faoi na hathruithe ar phárollaí agus feidhm na nAcmhainní Daonna. Tá sé deimhnithe ag an bPríomhfheidhmeannach go bhfuil a chuid freagrachtaí comhlíonta aige maidir le ceanglais an Mheabhráin Tuisceana agus an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse araon atá sínithe agus atá i bhfeidhm idir BOO Chathair Bhaile Átha Cliath agus ionad na Roinne Oideachais - Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO). Soláthraíonn na doiciméid seo an creat le haghaidh oibriú Seirbhísí Comhroinnte Párolla SGCO-BOO thar ceann na hearnála BOO. Braitheann an Príomhfheidhmeannach ar litir ghealltanais ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Oideachais a gheallann go bhfuil rialuithe cuí i bhfeidhm i dtaca leis na seirbhísí párolla a sholáthraíonn SGCO do BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.

Párolla na bPrintíseach

D'aistrigh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath párolla na bprintíseach chuig an gcóras párolla bainistithe a shocraigh SGCO i Márta 2020.

Íocaíochtaí Foghlaimora

D'aistrigh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath íocaíochtaí foghlaimora chuig an tseirbhís bhainistithe a shocraigh SGCO thar thréimhse dhá bhabhta: Babhta 1 i mí Lúnasa 2020 agus Babhta 2 (Ógtheagmháil agus SDOG) i mí Feabhra 2022.

Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais

Bunaíodh Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar don earnáil Oideachais agus Oiliúna le béim a chur ar sheirbhísí comhroinnte párolla agus airgeadais

a sholáthar le haghaidh BOOnna ar an gcéad ásc. Tá na 16 BOO go léir comhdhlúite ar an ardán céanna de chóras bainistíochta airgeadais. Tá ásc ar leith den chóras bainistíochta airgeadais ag gach BOO. Rinne BOO Chathair Bhaile Átha Cliath an t-aistriú go dtí an réiteach DCS/SUN ar an 1 Eanáir 2024 mar a bhí beartaithe. Tá gach BOO á n-aistriú go dtí an Seirbhís Rannpháirteach Airgeadais ar bhonn céimnitheach, agus leanfaidh an próiseas go dtí deireadh 2026.

Riarachán na nDeontas Mic Léinn

An Timpeallacht Rialaithe

Tá BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ainmnithe ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta mar an t-údarás náisiúnta bronnta deontas do mhic léinn. Déantar an ról seo trí Aonad SUSI de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.

Léiríonn Creat-Chomhaontú Bainistíochta idir BOO Chathair Bhaile Átha Cliath agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta na riachtanais rialaithe ar leith a bhaineann le riarachán deontas ar bhonn náisiúnta.

Déanann SUSI beartais agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm dá réir chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú agus chun an riosca a bhaineann le riar deontas i gcoitinne a bhainistiú, rud a chuimsíonn rialuithe chun ró-íocaíochtaí deontas a íoslaghdú.

Ró-íocaíochtaí na nDeontas Mac Léinn

Cuimsíonn na rialuithe sonracha a chuirtear i bhfeidhm laistigh den phróiseas measúnaithe ar iarratais ar dheontais agus laistigh den phróiseas maidir le híoc na ndeontas bronnta chun ró-íocaíochtaí deontas a íoslaghdú –

- athmheasúnú ar athbhreithnithe cás ar chás maidir le hincháilitheacht leanúnach d'iarratais athnuachana deontais,
- oiliúint foirne agus struchtúir mhaoirseachta/tacaíochta,
- athbhreithniú cáilíochta ar mheasúnú agus iarmheasúnú agus ar an bpróiseas aiseolais,
- tuairisciú ar fhaisnéis bhainistíochta maidir le gníomhaíochtaí measúnaithe, íocaíochtaí agus ró-íocaíochtaí,
- réiteach luach na dtáillí agus na ndeontas in éineacht le coláistí,
- tuairisciú eisceachtaí maidir le luach na ndeontas cothaithe,
- cainníochtú, aicmiú, anailísiú agus tuairisciú rialta na bhfiachas,
- beartas maidir le tuairisciú calaoise.

Tá beartas struchtúrtha curtha i bhfeidhm ag SUSI chun na ró-íocaíochtaí uile a aisghabháil, socruithe solúbtha aisíocaíochta do mhic léinn san áireamh.

Tuairiscíodh gurbh ionann ró-íocaíochtaí, coigeartuithe a bhain le blianta roimhe sin san áireamh, agus €834,974 don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024. Tharla na ró-íocaíochtaí sin mar gheall ar athmheasúnú leanúnach ar incháilitheacht le haghaidh deontais atá á dhéanamh ag SUSI, mar aon le tarraingtí siar mac léinn, etc. agus aisíocaíochtaí táillí coláiste. Ba é €350,104 méid na n-aisíocaíochtaí a fuarthas ó mhic léinn agus ó choláistí.

Ba é an caiteachas deontais SUSI don bhliain acadúil 2023-24 ná €288m. Is ionann luach na ró-íocaíochtaí a tuairiscíodh don tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2024 agus thart ar 0.29% de chaiteachas deontais 2023-24. B'ionann iarmhéid iomlán carnach na ró-íocaíochtaí deontais nár aisghabhadh amhail an 31 Nollaig 2024 agus €5,179,357.

Córas Próiseála Deontais Comhtháite (CPDC)/Tionscadal MySUSI

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal CPDC/MySUSI ár bpróisis lárnacha a nuachóiriú agus réiteach TFC inscálaithe agus inbhuanaithe a sholáthar do Thacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI).

Cé nach bhfuil aidhm dheiridh an tionscadail bainte amach go fóill, tá an t-aistear tar éis méid suntasach eolais, doiciméadúcháin, agus foghlama eagraíochtúil a chruthú a mbeidh sochar díreach aige don tionscadal de réir mar a théann sé ar aghaidh.

Ba €2.2 milliún an buiséad tosaigh don tionscadal CPDC (Céim 1) mar a leagtar amach sa chás gnó bunaidh in 2015. Tar éis athbhreithnithe i 2019 ardaíodh an buiséad seo go €4.6 milliún, agus táthar ag súil go ndéanfaí an tionscadal a sheachadadh i mí Aibreáin 2021. In 2021 ardaíodh an buiséad seo chuig €4.8 milliún.

Bhí fadhbanna leanúnacha le seachadadh agus feidhmíocht an tionscadail CPDC, rud a spreag plean téarnaimh a thosaíodh go luath in 2019. In ainneoin na n-iarrachtaí leasúcháin, tharla mhoill bhreise le linn 2020–2021, agus réiteach i bpáirt amháin a seachadadh le haghaidh tástála. Mar thoradh, cuireadh deireadh leis an gcomhaontú leis an soláthraí i mí Dheireadh Fómhair 2021.

Rith Céim 1 den tionscadal ó dheireadh 2015 go dtí an 30 Aibreán 2022, agus €3.8 milliún a chaitear le linn na tréimhse sin. Bhíothas ag súil go dtabharfadh na costais seo luach leanúnach, le sprioc go bhféadfaí an bonneagar reatha agus an bunchód a athúsáid. Léirigh comhairliúchán réamh-mhargaidh a rinneadh i mí an Mheithimh 2023, áfach, an tábhacht a bhaineann le roghanna margaidh atá ar fáil a iniúchadh go hiomlán. Tháinig an chomhairliúcháin ar an gconclúid gur ró-chasta an réiteach saincheaptha agus an t-inneall rialacha a bhí á leanúint agus nach raibh an solúbthacht riachtanach aige. Mar thoradh, tá an bunchód agus an bonneagar a sholáthair an soláthraí ag an am sin díchumasaithe, agus tá €1.15 milliún de chostais iomlána CPDC a íocadh leis an soláthraí sin curtha san áireamh anois nach bhfuil aon luach air.

Tá an infheistíocht tionscadail atá fágtha de €2.65 milliún tar éis sochar suntasach agus inléirithe a sholáthar don eagraíocht. Chuir an caiteachas seo le forbairt na ndéantán riachtanacha, doiciméadúcháin, agus feabhsuithe próisis a leanann de bheith ag tacú le tionscadal MySUSI (Céim 2). Áirítear leo seo sainmhíniú riachtanas gnó mionsonraithe, léarscáiliú próisis, bunú struchtúir rialachais agus tuairiscithe, agus feabhsú ar chumas bainistíochta tionscadail. Chomh maith leis sin, tá an t-eolas agus na léargais a fuarthas trí CPDC (Céim 1) tar éis tionchar díreach a bheith acu ar threoir straitéiseach MySUSI (Céim 2), ag cur ar chumas cur chuige atá bunaithe ar fhianaise agus éifeachtach ó thaobh costais de maidir le soláthar agus dearadh. Fuarthas go bhfuil luach buan ag an anailís a rinneadh ar an inneall rialacha gnó tríú páirtí agus ar fhoghlaím eagraíochtúil, agus cuirfear ar aghaidh í chun treoracha a thabhairt don dearadh réitigh nua.

Thug an t-athbhreithniú neamhspleách ar “ceachtanna foghlamtha” den tionscadal CPDC, a rinneadh i mí an Mhárta 2022, léargais luachmhara maidir leis na dúshláin a bhaineann le cur i láthair clár TFC ar scála den sórt sin, agus d’fheidhmigh sé mar spreagadh d’fhoghlaím eagraíochtúil agus athrú suntasach laistigh den tionscadal. Tá na fadhbanna a bhí ann in CPDC (Céim 1) i réimsí cosúil le pleanáil, sainmhíniú riachtanas, feidhmíocht an díoltóra, agus bainistiú díoltóirí tar éis tuiscint níos doimhne a sholáthar ar an méid atá riachtanach de réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh. Tá na ceachtanna foghlamtha doiciméadaithe go cúramach, athbhreithnithe ráithiúil, agus gníomhaithe de réir a chéile, ag déanamh cinnte go mbainfidh tionscadal MySUSI leas as próisis níos soiléire, rialachas níos láidre, agus rannpháirtíocht níos éifeachtaí le teicneolaíocht agus soláthróirí.

Mar thoradh ar na hiarrachtaí seo thar na blianta beaga anuas, tá tionscadal MySUSI (Céim 2) níos fearr feistithe le sraith chuimsitheach uirlisí, creatlaí, agus déantáin a sholáthraíonn bunús láidir le haghaidh seachadadh rathúil. Áirítear leo seo rianaire ceachtanna foghlamtha, straitéisí soláthair feabhsaithe, rialachas sonraí láidir, léarscáileanna próisis mionsonraithe, agus obair chruthúnas coincheapa ar inneall rialacha gnó. Cuireann glacadh le Microsoft DevOps, an rogha d’ardán cód-íseal SaaS/PaaS, agus úsáid ailtireachta nua-aimseartha néalbhunaithe, an tionscadal in áit dhearfach de réir mar a théann sé tríd an bpróiseas Grúpa Athbhreithnithe Piaráí.

Tháinig aistriú ó CPDC go dtí an tionscadal MySUSI nuair a tugadh isteach buiséid bhliantúla le Buiséad Pá agus Neamh-Phá de €3 mhilliún agus Buiséad Caipitil de €3.5 milliún a leithdháileadh don tréimhse 2022 go 2024. Is é €2.6 milliún an costas a tabhaíodh don chéim seo den tionscadal ón 1 Bealtaine 2022 go dtí an 31 Nollaig 2024 agus chuir cuid mhór den chaiteachas sin le hanailís agus forbairt réitigh atá slán don todhchaí. Áiríodh i measc na bpríomhghníomhaíochtaí an cleachtadh comhairliúcháin réamh-mhargaidh chun roghanna margaidh a mheas, ullmhú cáis ghnó chuimsitheach, bunú struchtúr rialachais láidir, forbairt doiciméadachta soláthair, agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara san earnáil agus sa

rialtas. Sholáthair an chéim seo freisin Athbhreithniú ar Dhearadh Eagraíochtúil agus Straitéis Sonraí nua do SUSI.

Amhail ar an 31 Nollaig 2024, tá MySUSI fós i gcéim réamhthionscadail/thionscnaimh, dírithe ar inmharthanacht an réitigh a dheimhniú sula ndéanfar tuilleadh infheistíochta. Tá dréachtchás gnó athbhreithnithe ag an nGrúpa Athbhreithnithe Piaráí, agus tá faomhadh foirmiúil fós ar feitheamh. Tá struchtúir rialachais agus príomhrialuithe tionscadail, lena n-áirítear loga RAID, i bhfeidhm. Cuirtear caiteachas agus riachtanais bhuiséadacha i láthair na ngrúpaí stiúrtha agus athbhreithnithe piaráí mar chuid den chás gnó. Tagann maoiniú an tionscadail ó leithdháileadh buiséid an RBATNE agus deimhnítear é don tionscadal MySUSI trí litreacha leithdháilte buiséid bliantúla. Déantar monatóireacht agus tuairisciú ar chaiteachas i gcoinne an leithdháileadh buiséid go míosúil don bhord tionscadail agus don ghrúpa stiúrtha. Marcóidh faomhadh an cháis ghnó tús foirmiúil an tionscadail, rud a chuirfidh ar chumas pleanáil mhionsonraithe agus soláthar a dhéanamh.

Cé nár bhain céim CPDC den tionscadal a cuid cuspóirí uile amach, chruthaigh sí oidhreacht sócmhainní, mar a léirítear thuas, a chuireann tionscadal MySUSI in áit níos láidre ná mar a bhí roimhe seo, ag cinntiú go bhfuil seachadadh amach anseo an tionscadail réadúil agus ailínithe le cuspóirí straitéiseacha SUSI.

Tá CBL san áireamh i ngach ceann de na figiúirí a luaitear thuas.

Fiosrúchán an Choimisiúin um Chosaint Sonraí

Tá SUSI tar éis comhoibriú le Fiosrúchán an Choimisiúin um Chosaint Sonraí (CCS) maidir le sárú sonraí a chuir SUSI in iúl sa bhliain 2018 maidir le suíomh gréasáin SUSI. Tá an fiosrúchán seo tagtha chun críche agus rinne an Coimisiún um Chosaint Sonraí (CCS) cinneadh go raibh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath tar éis Airteagail 5(1)(f), 32(1), 32(2), 33(1), 34(1) agus 34(4) de na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a shárú. Chuir an CCS roinnt beart ceartúcháin i bhfeidhm de bharr na sáruithe a fuarthas san fhiosrúchán, agus cuireadh fineálacha iomlána €125,000 i bhfeidhm. Ag teacht ar a gcinneadh, mhol an Coimisiún um Chosaint Sonraí (CCS) meon agus ton rannpháirtíochta BOO Chathair Bhaile Átha Cliath leis an CCS ó cuireadh torthaí beartaithe an CCS faoi bhráid na heagraíochta i dréacht leagan dá chinneadh. Tá na fineálacha seo, ar luach iomlán €125,000, i bhfad níos ísle ná an raon fineálacha a moladh sa chinneadh dréachta, agus ba é €210,000 an t-uasmhéid a bhí beartaithe.

Chun na laigí a leagtar amach ag an CCS faoi Airteagal 5(1)(f) agus 32(1) de RGCS, sheol SUSI suíomh gréasáin nua i 2023 le soláthraí deimhnithe ISO 27001.

Mar fhreagra ar na laigí a aithníodh ag an CCS faoi Airteagal 32(2) den RGCS, d'fhorbair SUSI Doiciméad Cosanta Sonraí a leagann amach na cosaintí, próisis agus nósanna imeachta a chuir SUSI i bhfeidhm chun tacú agus neartú a dhéanamh ar ár mbeartais chosanta sonraí. Rinne SUSI athbhreithniú agus nuashonrú freisin ar a Thaifead de Ghníomhaíochtaí Próiseála agus ar a Sceidil Coinneála Sonraí don bhliain 2025. Maidir le riosca, déanann SUSI Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí d'aon phróiseáil sonraí nua nó d'athruithe ar phróisis reatha, cibé acu teicniúil nó ar bhealach eile.

Mar fhreagra ar na laigí a aithníodh ag an CCS faoi Airteagal 33(1), 34(1) agus 34(4) den RGCS, déanann SUSI traenáil chuimsitheach ar chosaint sonraí gach bliain le gach ball foirne SUSI agus foireann Deasc Tacaíochta SUSI. Áirítear sa traenáil seo modúil maidir le Sárú Sonraí a Chosc agus Sárú Sonraí a Thuairisciú. Faigheann foireann SUSI traenáil mhíosúil freisin ar chibearshlándaíl.


Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Tá BOO Chathair Bhaile Átha Cliath tiomanta do chóras rialaithe inmheánach a fheidhmiú atá éifeachtúil, éifeachtach agus eacnamaíoch. Dearbhaím go ndearna an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca, ag a chruinniú ar an 13 Márta 2025, athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 ar an modh a fhorordaítear leis an gCód Cleachtais do Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna.

Áiríodh leis seo


- Chuir an Feidhmeannas tuarascáil i láthair ar a athbhreithniú ar rialuithe (ó bhéal agus i scríbhinn) ag an gcrúinniú ar an 13 Márta 2025. Fuair an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca dearbhú ón bPríomhfheidhmeannach go bhfuil an córas um rialú inmheánach oiriúnach agus cuí a mhéid is indéanta le réasún. Bhunaigh an Príomhfheidhmeannach an ráiteas seo ar fhaisnéis a bailíodh ó bhainisteoirí sinsearacha san eagraíocht trí chéile.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ar iniúchadh inmheánach agus seachtrach a eisíodh in 2024 agus go dtí seo i Mí an Mhárta 2025, cruinniú le hionadaithe ón Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach-BOOnna, mar aon le mionscrúdú ar mhiontuairiscí chruinnithe an Bhoird agus an Choiste Airgeadais chun a chinntiú nach bhfuil aon neamhréireachtaí iontu seo leis an measúnú ar rialú inmheánach a soláthraíodh don Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca i dTuarascálacha ar Iniúchadh Inmheánach agus Léiriú Bainistíochta.
- Chuir an Coiste um Iniúchóireacht tuarascáil (ó bhéal agus i scríbhinn) ar an athbhreithniú ar rialuithe faoi bhráid an Bhoird ar an 27 Márta 2025.
- Athbhreithniú ar Ghníomhaíochtaí rialachais agus rialaithe in 2024, lena n-áirítear:
 - Rannpháirtíocht idir an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca, an Coiste Airgeadais, an Bord agus an Feidhmeannas
 - Tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach, ó Stiúrthóirí na Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta (TFE), ón Stiúrthóir Scoileanna, ó Stiúrthóirí Breisoideachais agus Oiliúna (BO) agus ó Stiúrthóir Seirbhísí (SUS) chuig an mBord
 - Tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach agus ó Stiúrthóirí TFE chuig an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca
 - Moltaí a rinne an A&CC i litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile
 - Moltaí a rinne an tAonad Iniúchóireachta Inmheánach
 - Tuarascálacha Bainistíochta Riosca ón Stiúrthóir BOO atá freagrach
 - An Clár Riosca a choinnítear cothrom le dáta agus a chuirtear faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht ar bhonn rialta.

Rinne an Bord athbhreithniú agus faomhadh ar an ráiteas seo ag an gcrúinniú ar an 18 Meán Fómhair 2025.

Sínithe:  _____

An Comhairleoir Keith Connolly

Cathaoirleach

Dáta:  _____



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 iniúchta agam mar a éilítear faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas oibriúcháin
- an ráiteas ar shócmhainní reatha agus ar dhliteanais reatha, agus
- na nótaí a bhaineann leo seo, lena n-áirítear achoimre ar bheartais

